Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

comhairle chontae na mí
meath county council


# SEACHBHÓTHAR AN N3-ACHADH AN IÚIR

## COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ Uimh. 3

### ROGHNÚ ROGHANNA

### AN CHONAIR ROGHA ROGHNAITHE ÉIRITHÍ

LÚNASA 2021






BARRY TRANSPORTATION

An Roinn Iompair
Department of Transport

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

## RÉAMHRÁ

Tá forbairt scéim **Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** á cur ar aghaidh ag Comhairle Contae an Chabháin faoi láthair i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Mí agus i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. Tosaíonn an scéim ag pointe críochnaithe dhébhealach an N3 atá ann cheana láimh le Derver, ar an taobh thuaidh de Cheanannas i gContae na Mí, agus leathnaíonn sí go bóthar an N3 atá ann cheana ar an taobh thuaidh de Bhaile Achadh an Iúir i gContae an Chabháin.

Is tionscadal tábhachtach é seo a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach chuig Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann, plódú a laghdú i mBaile Achadh an Iúir agus feabhas a chur ar shábháilteacht bóthair ar an N3. Rinne Comhairle Contae an Chabháin Barry Transportation a cheapadh mar Chomhairleoir Teicniúil chun an scéim a chur ar aghaidh trí na céimeanna Pleanála agus Deartha.

Ag teacht sna sála ar an dara comhairliúchán poiblí neamhreachtúil agus ar Chéim 2 den Phróiseas Roghnúcháin Roghanna a bheith curtha i gcrích ag an bhFoireann Tionscadail, sainaithníodh an Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí i gcomhréir leis na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail agus na Treoirlínte Meastóireachta Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann.

## FAISNÉIS CHÚLRA FAOIN TIONSCADAL

I dteannta a chéile, tá mótarbhealach an M3 agus Príomhbhealach Náisiúnta an N3 ar an gconair ghathach straitéiseach lena nasctar Baile Átha Cliath chuig an gCabhán agus chuig áiteanna níos faide anonn amhail Inis Ceithleann, Sligeach agus Leitir Ceanainn. Síneann mótarbhealach an M3 ó Chluain Aodha (ag an teorainn idir Contae Bhaile Átha Cliath agus Contae na Mí) go dtí an taobh thuaidh de Cheanannas. Ó Cheanannas ar aghaidh, téann an N3 siar ó thuaidh feadh Dhébhealach Chineál 2 ar feadh thart ar 9.5 km. Is é Derver (ag an teorainn idir Contae na Mí agus Contae an Chabháin) a phointe críochnaithe.

Is é Achadh an Iúir an t-aon bhaile amháin ar Bhealach Náisiúnta an N3 ó Bhaile Átha Cliath go dtí an teorainn le Tuaisceart Éireann nach bhfuil seachbhóthar aige go fóill. Is é an toradh a bheidh ar sheachbhóthar a thógáil láimh le hAchadh an Iúir go gcuirfear feabhas ar an nascacht réigiúnach chuig an Iarthuaisceart, rud ar tosaíocht straitéiseach den Chreat Náisiúnta Pleanála (Tionscadal Éireann 2040) é.

D'fhógair Rialtas na hÉireann Tionscadal Éireann 2040 i mí Feabhra 2018. Tá an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 mar bhonn agus thaca ag an tionscnamh beartais sin. Ceann de na Deich gCuspóir Straitéiseacha a sainaithníodh i dTionscadal Éireann 2040 is ea barr feabhais a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin, go háirithe i Réigiún an Tuaiscirt agus i Réigiún an Iarthair. Tá **Seachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** ar cheann de na stráicí bóthair a luadh go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus cuirfidh sé feabhas suntasach ar an inrochtaineacht agus na hagaí aistir idir Baile Átha Cliath, Baile an Chabháin agus Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann.

Le roinnt blianta anuas, tá Comhairle Contae an Chabháin agus Bonneagar Iompair Éireann ag imscrúdú roghanna chun plódú tráchta a mhaolú in Achadh an Iúir agus ar na bóithre isteach ann. Dheonaigh Comhairle Contae an Chabháin cead pleanála Chuid 8 le haghaidh seachbhóthar láimh le hAchadh an Iúir roimhe sin sa bhliain 2003. Níor cuireadh an scéim sin ar aghaidh tar éis na bliana 2003. Táthar ag tabhairt cosaint leis na leaganacha difriúla de Phlean Forbartha Contae an Chabháin a eisíodh ón mbliain 2003 i leith do bhealach Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir a ceadaíodh sa bhliain 2003.

Mar thoradh ar an méid ama atá imithe thart, ar na hathruithe suntasacha a rinneadh ar chaighdeáin deartha agus ar bhreithniúcháin timpeallachta agus ar an méadú suntasach atá tagtha ar an trácht, bhí sé riachtanach an tionscadal a mheasúnú an athuair ón tús.

## CUSPÓIRÍ AN TIONSCADAIL

Socraíodh roinnt cuspóirí le haghaidh an tionscadail, lena n-áirítear:

- barr feabhais a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin;
- maolú tráchta a laghdú in Achadh an Iúir;
- barr feabhais a chur ar agaí aistir; agus
- barr feabhais a chur ar shábháilteacht feadh an bhealaigh.

## AN CHÉIM REATHA

I láthair na huaire, tá an tionscadal ag Céim 2 (Roghnú Roghanna) de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann. Ag teacht sna sála ar an gcéad chomhairliúchán poiblí, cuireadh Céim 1 – Measúnú ar Réamhroghanna i gcrích i mí na Samhna 2020. Cuireadh tús le Céim 2 den Phróiseas Roghnúcháin Roghanna i mí na Samhna 2020 agus sainaithníodh an Chonair 'Rogha Roghnaithe Éirithí' i gcomhréir leis na 'Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail' ó Bhonneagar Iompair Éireann.

**Céim 1 (Measúnú ar Réamhroghanna).** Laistigh den Limistéar Staidéir, sainaithníodh srianta tosaigh agus cuireadh tús leis an obair pleanála agus deartha ach roghanna féideartha tosaigh a shainaithint. Rinneadh measúnú ar 10 rogha agus ar 19 leagan dhifriúla rogha sa bhreis faoi na trí chritéar seo a leanas chun an líon roghanna a bhí le tabhairt ar aghaidh go Céim 2 a ghearrliostú.

- Innealtóireacht
- Comhshaol
- Barainneacht

**Céim 2 (Maitrís Breithmheasa Tionscadail).** Rinneadh measúnú ar chúig phríomhrogha agus ar chúig leagan dhifriúla rogha sa bhreis faoi na sé chritéar seo a leanas chun an chonair rogha roghnaithe éirithí a shainaithint.

- **Barainneacht** • **Comhshaol** • **Sábháilteacht**
- **Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta**
- **Comhtháthú** • **Gníomhaíocht Fhisiciúil**

## Cad a Tharlóidh Ansin

Ag teacht sna sála ar an gComhairliúchán Poiblí sin, déanfaidh an Fhoireann Tionscadail an t-aiseolas arna fháil a bhreithniú sula dtabharfar Rogha Roghnaithe chun críche.

**Céim 3 (Rogha Roghnaithe).** Déanfar an Rogha Roghnaithe a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú i dteannta na Tuarascála Roghnúcháin Roghanna. Mar atá luaite sa Treochlár don Chomhairliúchán Poiblí ar an gcéad leathanach eile, táthar ag súil leis go dtarlóidh sé sin sa chéad ráithe den bhliain 2022. Foilseofar an t-eolas is deireanaí, nuacht agus mionsonraí ar www.n3virginiabypass.ie, i nuachtáin áitiúla agus sna meáin shóisialta.

Tar éis Conair Rogha Roghnaithe a thabhairt chun críche, beifear in ann tús a chur leis an gcéad Chéim eile den phróiseas pleanála agus deartha (faoi réir ceaduithe ábhartha a fháil). Is é a bheidh i gceist le **Céim 3 (Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta) den tionscadal** ná an scéim a fhorbairt tuilleadh, lena n-áireofar an bóthar a dhearadh, an tógáil talún a theastaíonn a shainaithint, acomhail a dhearadh agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú. Le linn na céime sin, déanfar tuilleadh idirchaidrimh le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas leanúnach deartha.

## An Comhairliúchán Poiblí Seo

Is é seo an tríú comhairliúchán poiblí neamhreachtúil le haghaidh Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir. Beidh an comhairliúchán ar siúl ón **19 Lúnasa 2021 go dtí an 13 Meán Fómhair 2021**. De bharr shrianta Covid-19 atá i bhfeidhm faoi láthair, ní féidir imeacht poiblí mórscála a thionól ag an am seo. Mar fhreagairt do shrianta Covid-19, forbraíodh Seomra Comhairliúcháin Phoiblí Fíorúil/ar Líne agus is féidir é a rochtain ag www.innovision.ie/n3virginiabypass.

Is féidir faisnéis a léamh/a íoslódáil ar líne freisin ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag www.n3virginiabypass.ie, nó is féidir naisc a fháil chuici trí shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae an Chabháin ag www.cavancoco.ie/n3-virginia-bypass.

Beidh geallsealbhóirí agus an pobal i gcoitinne in ann an seomra comhairliúcháin phoiblí fíorúil ar líne sin a úsáid chun amharc ar léarscáileanna, faisnéis faoin tionscadal a léamh agus a dtuairimí a chur in iúl i dtimpeallacht shábháilte inrochtana.

Tuigtear nach mbeidh gach duine in ann faisnéis ar líne a rochtain. Chuige sin, beidh roghanna éagsúla ar fáil do dhaoine le haghaidh labhairt go díreach agus bualadh le baill den Fhoireann Tionscadail le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Áirítear na roghanna seo a leanas leo sin:

- Is féidir le daoine coinne aisghlaoigh a iarraidh ach glao a chur ar **01 485 1400** (le linn gnáthuaireanta oibre) agus socrófar go rachaidh ball den fhoireann tionscadail i dteagmháil leo chun forbhreathnú a thabhairt ar an tionscadal agus ceisteanna ginearálta a fhreagairt.
- Glacfar le ceisteanna ríomhphoist fud fad thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí.
- Ó thráthnóna an 19 **Lúnasa go dtí an 3 Meán Fómhair 2021**, beidh cruinnithe i bpearsa ar fáil in Ionad Taispeána Achadh an Iúir. Is gá coinne a dhéanamh roimh ré. Éascófar scaradh sóisialta leis na cruinnithe i bpearsa agus, le linn na gcruinnithe, cloífear le treoirlínte agus srianta uile COVID-19 chun sláinte an phobail agus na foirne a chosaint.
- Is féidir cruinnithe fóin nó ar líne a eagrú freisin nuair is gá ach glao a chur ar **01 485 1400** (le linn gnáthuaireanta oibre) nó ríomhphost a sheoladh chuig n3virginiabypass@jbbarry.ie.

Moltar d'aon duine a ndéanfaidh an Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí difear dó/di nó a bhfuil leas aige/aici sa scéim coinne a dhéanamh chun labhairt nó bualadh leis an bhFoireann Tionscadail. Cuir glao orainn ar **01 485 1400**, seol ríomhphost chugainn ag n3virginiabypass@jbbarry.ie nó cuir coinne in áirithe ar líne trí shuíomh Gréasáin an tionscadail ag www.n3virginiabypass.ie.

## CONAS AIGHNEACHT A DHÉANAMH

Is féidir foirm aiseolais a íoslódáil nó a chur isteach tríd an Seomra Fíorúil Comhairliúcháin Phoiblí/an Seomra Comhairliúcháin Phoiblí Ar Líne ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag www.n3virginiabypass.ie nó le casadh an phoist nó leis an ríomhphost faoin 13 Meán Fómhair 2021:

**Ríomhphost:** n3virginiabypass@jbbarry.ie
**Post:** Foireann Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir, Comhairle Contae an Chabháin, An Oifig um Dhearadh Bóithre, Teach na Cúirte
Sráid Fhearnáin, An Cabhán, H12 R6V2







# Seachbhóthar an N3-Achadh an Iúir
# Treochlár don Chomhairliúchán Poiblí

| Céim | Bliain | STAIDÉIR & TAIGHDE | FOILSEACHÁIN & CLOCHA MÍLE | RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL |
|---|---|---|---|---|
| CÉIM 2 | 2019 | Limistéar an Staidéir a Shainaithint agus Srianta a Fhorbairt | | |
| CÉIM 2 | 2020 | Roghanna a Fhorbairt agus a Bheachtú | Léarscáiliú a Dhéanamh ar Limistéar an Staidéir agus ar Shrianta agus Roghanna a Shainaithint | Léarscáiliú Tosaigh a Dhéanamh ar Roghanna agus ar Shrianta Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil |
| CÉIM 2 | 2020 | Roghanna a Fhorbairt agus a Bheachtú | Roghanna Tosaigh a Ghearrliostú | Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil ar na Roghanna Gearrliostaithe |
| CÉIM 2 | 2021 (TÁIMID ANSEO) | Roghanna a Bhreithmheas chun Tacú leis an Rogha Roghnaithe Éiritheach a Shainaithint | An Rogha Roghnaithe Éiritheach a Shainaithint | An tEolas is Deireanaí ar an Tionscadal a thabhairt tríd an Suíomh Gréasáin / Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil (i gcás go ndéanfar athruithe suntasacha) |
| CÉIM 2 | R1 2022 | An Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna a Eisiúint & an Rogha Roghnaithe a Dheimhniú | An Rogha Roghnaithe a Shainaithint | An Rogha Roghnaithe a chur ar Thaispeáint Neamhreachtúil Phoiblí |
| CÉIM 3 | 2022 / 2023 | An Breithmheas ar an Dearadh agus Doiciméid Reachtúla a Chríochnú | Aighneacht Pleanála a Ullmhú | Teagmháil le Geallsealbhóirí |
| CÉIM 4 | 2023 | Aighneacht Pleanála a Dhéanamh faoi réir Ceadú a Fháil ón Rialtas | An Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta / Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh a Fhoilsiú | Comhairliúchán Reachtúil an Bhoird Phleanála |







## AN CHONAIR ROGHA ROGHNAITHE ÉIRITHÍ

Is é Leagan Malartach 2 de Rogha C (CV2) an **Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí** a sainaithníodh tríd an bPróiseas Roghnúcháin Roghanna. Is é atá sa rogha sin ná rogha lena gcomhcheanglaítear Roghanna D, C agus A a cuireadh i láthair le linn an dara Comhairliúchán Poiblí i mí na Samhna/mí na Nollag 2020, agus beidh sé i gceist léi an chonair a leathnú ar leibhéal áitiúil in áiteanna (féach an rannán thíos ar 'Leithead na Conaire Rogha').

### Cur Síos Ginearálta ar an Rogha

Tá an Rogha Roghnaithe Éiritheach thart ar 14.5 km ar fad. Tosaíonn an chonair ag pointe críochnaithe Dhébhealach an N3 láimh le Derver i gContae na Mí agus leanann sí ar aghaidh ó thuaidh, ag gníomhú di mar sheachbhóthar ar an taobh thoir de Chrosbhóthar an Gheata Bháin, ar an taobh thoir de Mhachaire Rátha agus ar an taobh thoir de Bhaile Achadh an Iúir agus ag dul trí na bailte fearainn seo: Derver, Coillidh Chonnaidh, Feartach, Edenburt, an tAonach, an Lios Dubh, Sliabh Brúis, Carrakeelty Beg, Carraig na Brúise, Droim Shiail, Burrencarragh, Burrenrea, an Lios Liath, Ballaghanea, Cornashesk, Rahardrum, an Mullach Mór, Curracloghan, Aghnadrung agus Murmod. I ndiaidh don Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí an Abhainn Dubh a thrasnú ar an taobh thuaidh de Bhaile Achadh an Iúir, leanann an chonair bealach an N3 atá ann cheana nó bealach atá gar don bhóthar sin agus leanann sí ar aghaidh go dtí an taobh thuaidh de Chrosbhóthar Lios Cré, agus í ag dul trí na bailte fearainn seo: Achadh an Iúir, Corr na Sliabh, Crannadillon, Dunancory, Lios Cré agus Drumagora.


Leanann thart ar 60% d'fhad na Conaire Rogha Roghnaithe Éirithí bealach atá cosúil le scéim 'Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir 2003' a bhfuiltear ag tabhairt cosaint di leis na leaganacha difriúla de Phlean Forbartha Contae an Chabháin.

Tá mionsonraí táscacha faoi bhealach nua an N3 agus faoi nascbhóithre gaolmhara agus conairí acomhail táscacha féideartha le feiceáil ar an líníocht ar an gcéad leathanach eile. Baineadh úsáid as na mionsonraí sin chun eolas a dhéanamh don Phróiseas Roghnúcháin Roghanna. Tá siad faoi réir athruithe agus tá siad á dtaispeáint chun aiseolas ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí a spreagadh tríd an bpróiseas Comhairliúcháin Phoiblí seo. Ar Chonair Rogha Roghnaithe a thabhairt chun críche, déanfar an bealach beartaithe agus mionsonraí acomhail a fhorbairt agus a bheachtú tuilleadh trí phróiseas **Chéim 3 Bhonneagar Iompair Éireann – 'Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta'**.

### Leithead na Conaire Rogha


Tá an Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí atá ar taispeáint ar na léarscáileanna 300 m ar leithead, tríd is tríd, agus ní léirítear inti leithead iarbhír na scéime ná na tailte atá le ceannach don scéim. Léirítear orthu na tailte a bhféadfaí scéim a fhorbairt laistigh díobh. Maidir leis na mionsonraí beachta faoin tógáil talún, faoi oibreacha talún, faoi acomhail, faoi dhearadh taobh-bhóithre, bóithre freastail agus bóithre garaíochta agus faoin tionchar ar réadmhaoine, forbrófar iad le linn Chéim 3 den phróiseas pleanála agus deartha.

Ag teacht sna sála ar an dara Comhairliúchán Poiblí a chur i gcrích agus tríd an bpróiseas Roghnúcháin Roghanna, sainaithníodh go mbeadh sé riachtanach athruithe a dhéanamh ar leithead na conaire rogha ag na ceangail theas agus thuaidh den scéim agus ag Nascbhóthar Burrencarragh.





Ag an taobh theas den scéim, bhí sé riachtanach rogha a dhéanamh idir Rogha D (Oráiste) agus Rogha C (Dearg) sna bailte fearainn seo: Derver i gContae na Mí; agus Coillidh Chonnaidh, Feartach agus an tAonach i gContae an Chabháin. Is aibhsithe le dath liath san íomhá in aice láimhe atá an limistéar conaire breise sin nár sainaithníodh roimhe seo. Tá an leasú ar an gconair rogha thart ar 1000 méadar ar fad agus geall le 500 méadar ar fad sa bhreis ag an bpointe is leithne. Teastaíonn an leasú chun solúbthacht a éascú sa todhchaí le linn measúnú agus maolú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar réadmhaoine atá ann cheana, ar láithreáin oidhreachta cultúrtha agus ar fhéarach a fhulaingíonn tuilte séasúracha láimh le Edenburt.

Ag an taobh thuaidh den scéim, leathnaíodh an chonair freisin chun solúbthacht a éascú sa todhchaí le linn measúnú agus maolú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar réadmhaoine atá ann cheana agus na tionchair thalmhaíochta i gcóngar Chrosbhóthar Lios Cré i mbailte fearainn Lios Cré agus Chorr na Sliabh. Leanann an chonair níos leithne ailíniú Rogha A (Glas) agus leagan malartach Rogha C (Dearg) ar an taobh thiar de Chrosbhóthar Lios Cré a cuireadh i láthair sa dara Comhairliúchán Poiblí i mí na Samhna/mí na Nollag 2020. Tá an leasú ar an gconair rogha thart ar 1200 méadar ar fad agus geall le 360 méadar ar fad sa bhreis ag an bpointe is leithne. Is léirithe i ndath liath san íomhá in aice láimhe atá limistéar breise idir an dá chonair roimhe.



I gcomharsanacht Nascbhóthar Burrencarragh atá beartaithe, leathnaíodh an chonair chun solúbthacht a éascú sa todhchaí le linn measúnú agus maolú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha i mbailte fearainn Burrenrea, Dhroim Shiail agus Burrencarragh. Tá an leasú ar an gconair nascbhóthair thart ar 780 méadar ar fad agus geall le 175 mhéadar ar fad sa bhreis ag an bpointe is leithne.




## Cén fáth a bhfuil an Feabhsú ag teastáil?


Tá roinnt móreasnamh ar an N3 atá ann cheana idir Timpeallán Derver i gContae na Mí agus Crosbhóthar Lios Cré ar an taobh thuaidh d'Achadh an Iúir i gContae an Chabháin. Iompraíonn an N3 méid mór tráchta atá comhdhéanta d'ardchéatadán Feithiclí Earraí Troma. Ina theannta sin, is é an toradh atá ar an gcoimhlint idir trácht straitéiseach agus neamhstraitéiseach trí Achadh an Iúir, an Geata Bán agus Machaire Rátha agus ar na teorainneacha éagsúla luais ná plódú suntasach tráchta agus agaí neamhiontaofa turais d'úsáideoirí bhóthar náisiúnta an N3. Is mó méid tráchta reatha an N3 ná toilleadh an bhóthair agus is dóigh go rachaidh an plódú in olcas tuilleadh de réir mar a mhéadaíonn an méid tráchta le himeacht ama. Tá drochthaifead ag an N3 ó thaobh an lín imbhuailtí de. Is airde an ráta Imbhuailtí Díobhála Pearsanta ná an meán náisiúnta. Tá trasghearradh éagsúil neamh-chomhsheasmhach ag an N3 feadh an bhealaigh agus níl aon saoráidí tiomnaithe ann do choisithe ná do rothaithe lasmuigh de thimpeallacht thógtha Achadh an Iúir agus Mhachaire Rátha. Tá ailíniú fochaighdeánach, faid fhochaighdeánacha infheictheachta ar aghaidh, faid fhochaighdeánacha radhairc stoptha agus deiseanna fochaighdeánacha scoite ag cuid shuntasach den bhealach. Is ann do roinnt acomhal fochaighdeánach taobh-bhóthair isteach ar an N3 a bhfuil ardrátaí imbhuailte acu agus is ann freisin do lear bealaí rochtana díreacha ar réadmhaoine feadh an bhealaigh, a bhfuil fadhbanna ag roinnt mhaith díobh ó thaobh infheictheachta fochaighdeánaí de.

Sainítear an "**Gá leis an Scéim**" leis na heasnaimh shainaitheanta atá ann cheana feadh an bhealaigh atá ann cheana i gcomhcheangal le cuspóirí Beartais Náisiúnta, Réigiúnaigh agus Áitiúil. Ceann de na Deich gCuspóir Straitéiseacha a sainaithníodh i dTionscadal Éireann 2040 is ea barr feabhais a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin, go háirithe i Réigiún an Tuaiscirt agus i Réigiún an Iarthair. Tá **Seachbhóthar an N3-Achadh an Iúir** ar cheann de na stráicí bóthair a luadh go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus cuirfidh sé feabhas suntasach ar an inrochtaineacht agus na hagaí aistir idir Baile Átha Cliath, Baile an Chabháin agus Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann.

Tá sé mar aidhm leis an scéim bheartaithe bonneagar bóithre atá níos fearr agus níos sábháilte a sholáthar agus feabhas a chur ar an rochtain ar Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann. Chun freastal ar an éileamh ar an mbealach sa todhchaí ar bhealach sábháilte éifeachtúil, rinneadh trasghearradh bóthair Dhébhealach Chineál 2 a bhfuil saoráid coisithe/rothar atá leithscartha ón trácht aige a roghnú ar dtús le haghaidh na Conairí Rogha a mheasúnú agus le haghaidh an Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí a shainaithint. Sna doiciméid tacaíochta don chomhairliúchán poiblí, tugtar mionsonraí samplacha faoin gcineál trasghearrtha sin. Cinnfear an trasghearradh bóthair deiridh le linn phróiseas Chéim 3 Bhonneagar Iompair Éireann – 'Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta'.


## Céim 2 – An Próiseas Roghnúcháin Roghanna

Tá an Próiseas Roghnúcháin Roghanna le haghaidh na Scéime beartaithe á dhéanamh i gcomhréir leis na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann, leis na Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann agus leis na rialacháin agus an treoir is infheidhme. Sa Phróiseas Roghnúcháin Roghanna, déantar scrúdú ar na roghanna malartacha/eile i gcomparáid le critéir shainithe agus fochritéir shainithe agus ar chuspóirí na scéime trí chur chuige córasach breithmheasa trí Chéim. Tá na trí chéim den Phróiseas Roghnúcháin Roghanna le feiceáil sa léaráid thíos.




Tá sé mar chuspóir leis an bPróiseas Roghnúcháin Roghanna an réiteach is fearr (nó an 'Rogha Roghnaithe') a shainaithint, agus aird á tabhairt ar na tairbhí foriomlána agus ar na tionchair fhoriomlána, bunaithe ar na sé chritéar atá le cur san áireamh le haghaidh tionscadail iompair de bhóthar.

Ag teacht sna sála ar an dara Comhairliúchán Poiblí a chur i gcrích, bhreithnigh an fhoireann tionscadail an t-aiseolas a fuarthas ar na Conairí Rogha Gearrliostaithe (atá le feiceáil anseo). Rinneadh breithmheas Chéim 2 ar na cúig chonair rogha agus ar na cúig leagan dhifriúla rogha sa bhreis ar aon dul leis na Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann.



Cuireadh tionchar agus feidhmíocht gach ceann de na Conairí Rogha i gcomparáid le sé Phríomhchritéar Chéim 2 agus leis na fochritéir ghaolmhara. Rinneadh tionchar foriomlán agus feidhmíocht fhoriomlán gach rogha amach ach úsáid a bhaint as Maitrís Breithmheasa Chéim 2 ar shainigh Bonneagar Iompair Éireann í agus sainaithníodh Conair Rogha Roghnaithe Éirithí.

### Cén fáth a bhfuil Leagan Malartach 2 de Rogha C (CV2) ar an gConair 'Rogha Roghnaithe Éirithí'?

Ag teacht sna sála ar Mhaitrís Breithmheasa Tionscadail Chéim 2 a chur i gcrích, sainaithníodh Rogha CV2 mar Chonair Rogha Roghnaithe Éirithí agus aird á tabhairt ar na tairbhí foriomlána agus ar na tionchair fhoriomlána, bunaithe ar na sé chritéar atá le cur san áireamh le haghaidh tionscadail iompair de bhóthar.

**Barainneacht:** Beidh Cóimheas an-dearfach Costas le Tairbhí ag Rogha CV2, áit a meastar go mbeidh na tairbhí níos mó ná costais na scéime. Feabhsófar Iontaofacht Iompair trí Achadh an Iúir freisin mar thoradh ar an ardlaghdú a mheastar a bheidh ann sa trácht i mBaile Achadh an Iúir.

**Sábháilteacht:** Beidh Rogha CV2 ar cheann de na roghanna is fearr feidhmíocht. Thar an tréimhse measúnachta, tá ceann de na rátaí laghdaithe imbhualtí is airde agus ceann de na Tairbhí Laghdaithe Imbhuailtí is airde ó thaobh airgeadais de aici. Cinnteoidh an laghdú mór a mheastar a bheidh ann sa trácht i mBaile Achadh an Iúir go mbeidh timpeallacht níos sábháilte agus slán ann d'úsáideoirí soghonta bóithre.

**Comhshaol**: Measadh Rogha CV2 a bheith ina rogha idirmheánach faoi 'Comhshaol'. De bharr úsáid a bhaint as rogha hibrideach agus codanna de Chonairí Rogha difriúla a chomhcheangal, seachnófar tuilleadh tionchar ar an mbithéagsúlacht le Rogha CV2. Ba í Rogha CV2 an chomhrogha roghnaithe le haghaidh Aercháilíochta agus Aeráide, Dramhaíola agus Hidrigeolaíochta.

**Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta**: Ar an iomlán, b'ionann feidhmíocht na roghanna uile ó thaobh an chritéir sin de agus beidh tionchar dearfach acu ar Ghrúpaí Daoine Soghonta toisc go bhféadfadh na hacomhail fhéideartha feadh na scéime inrochtaineacht níos éifeachtúla agus níos sábháilte a éascú do na grúpaí sin agus do na limistéir sin.

**Comhtháthú**: Tá Rogha CV2 ar cheann de na roghanna is fearr feidhmíocht ó thaobh an Chomhtháthaithe Iompair de toisc go ngabhann nascacht níos fearr do bhusanna agus tacaíocht níos fearr do mhodhanna iompair inbhuanaithe léi. De bhreis air sin, tá Rogha CV2 ar cheann de na roghanna is fearr feidhmíocht ó thaobh na Cothromaíochta Réigiúnaí de toisc go soláthraíonn an rogha naisc níos fearr idir lárionaid uirbeacha.

**Gníomhaíocht Fhisiciúil**: Cé go mbeidh tionchar dearfach ag gach rogha ar Úsáideoirí Soghonta Bóithre, toisc go ndéanfaidh an scéim bheartaithe soláthar do shaoráidí tiomnaithe coisithe agus rothar feadh an bhealaigh, tá Rogha CV2 ar cheann de na roghanna is fearr feidhmíocht. Cinnteoidh an t-ardlaghdú a mheastar a bheidh ann sa trácht i mBaile Achadh an Iúir go mbeidh timpeallacht níos sábháilte agus slán ann d'úsáideoirí soghonta bóithre agus, dá bhrí sin, déanfaidh sé glacadh níos fearr le Taisteal Gníomhach a spreagadh agus a éascú sa bhaile. De bhreis air sin, soláthróidh Rogha CV2 nascacht níos fearr chuig na bealaí siúil atá ann cheana i gcomharsanacht Achadh an Iúir.

### An Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna

Maidir leis an Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna, rud ina gcuimseofar na torthaí ar bhreithmheas Chéim 2, tá sí le tabhairt chun críche fós toisc go mbreithneoidh an fhoireann tionscadail an t-aiseolas arna fháil tríd an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus toisc go bhféadfadh go ndéanfaí leasuithe ar an gConair Rogha sula dtabharfaí Conair Rogha Roghnaithe chun críche. Déanfar an Chonair Rogha Roghnaithe agus an Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna a fhoilsiú ansin.

Tar éis Conair Rogha Roghnaithe a thabhairt chun críche, beifear in ann tús a chur leis an gcéad Chéim eile den phróiseas pleanála agus deartha (faoi réir na ceaduithe ábhartha a fháil). Is é a bheidh i gceist leis sin ná an scéim a fhorbairt tuilleadh, lena n-áireofar an bóthar a dhearadh, acomhail a dhearadh, an tógáil talún a theastaíonn a shainaithint agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú. Le linn na céime sin, déanfar tuilleadh idirchaidrimh le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas leanúnach deartha.

# AN CHONAIR ROGHA ROGHNAITHE ÉIRITHÍ

